


Fáilte

A chomhghleacaithe, a chairde, Fáilte go dtí an t-eagrán is déanaí dár nuachtlitir do mhúinteoirí ar tugadh Uaireanta Acmhainne Bhainistíochta a scoile dóibh. San eagrán seo, tá roinnt nuashonruithe tábhachtacha déanta againn ar an dara cruinniú againn le pobail chleachtais, Laethanta FGL ar Líne d'OSPS agus OSSP na Sraithe Sóisearaí agus foilsiú Chiorclán 0059/2021, "Socruithe maidir le cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2021/22". Ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn aon cheist agat faoi ghné ar bith den tSraith Shóisearach i do scoil. Guímid Nollaig shíochánta ar gach duine agaibh.

Múinteoirí a bhfuil Uaireanta Acmhainní Bainistíochta acu / Comhordaitheoir Phobal Cleachtais na Sraithe Sóisearaí

Dé Máirt, 11 Eanáir, 2022 ó 6:30-8pm, tionólfar an dara cruinniú pobal cleachtais againn a bheas bunaithe ar an aiseolas ó na rannpháirtithe a d'fhreastail ar ár gcéad chruinniú ZOOM ar líne. Arís, leanfaimid orainn ag cabhrú libh le fócas ar phleanáil straitéiseach dhá phríomhghné, sé sin, (1) Dea-chleachtas i dtiomsú "Réimsí Foghlama Eile" na scoláirí agus (2) Conas féilire éifeachtach MRB a shocrú. Is formáid idirghníomhach a bheas ar an gcruinniú le roinnt painéalaithe, ag úsáid seomraí scartha agus deis a bheith ag Múinteoirí a bhfuil Uaireanta Acmhainní Bainistíochta acu/Comhordaitheoirí na Sraithe Sóisearaí bualadh le chéile agus deachleachtas a roinnt. Is féidir clárú anois chun freastal air ag **úsáid an naisc seo a leanas**. Tabhair faoi deara, toisc gur pobal cleachtais machnamhach agus idirghníomhach é seo, ní thairfeadfar an Cruinniú ZOOM.



Ciorclán Uimhir: 0059/2021 Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2021/22.

Tugtar breac-chuntas sa Chiorclán ar na socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2021/22. Príomh- nuashonruithe na scoilbhliana 2021/2022

- De dheasca thionchar Covid-19, ní bheidh an tsonraíocht nua maidir le 135 uair an chloig don chorpoideachas ná an gearrchúrsa Staire (leibhéal 2) ar fáil don bhliain acadúil 2021/22.
- Tá rogha á thabhairt do na scoileanna an méadú ar an soláthar don chlár folláine ag an tSraith Shóisearach ó 300 go 400 uair an chloig á chur siar bliain amháin go dtí an bhliain acadúil 2022/23.
- Ní mór do scoileanna a thabhairt faoi deara agus a gclár Folláine á phleanáil acu, gur chóir deireadh a chur le húsáid siollabais na Sraithe Sóisearaí le haghaidh Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) ó mhí Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh.
- Tá roinnt athruithe tagtha ar Mheasúnuithe Rang-Bhunaithe (MRBanna).
- Ní scrúdófar Tascanna Measúnaithe (TManna) in 2022.
- Beidh clár Folláine mar chuid de thuairiscí chlár ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (CGSS) den chéad uair in 2022.
- Leanfar le soláthar uaireanta acmhainne bhainistíochta don bhliain acadúil 2021/22.
- Tá Coimisiún na Scúduithe Stait tar éis páipéir shamplacha a fhoilsiú don chuigiú chéim agus don chéim dheireanach d'ábhair na Sraithe Sóisearaí; i.e. Grafaic, Teicneolaíocht an Adhmaid, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Léann Clasaiceach, Oideachas Reiligiúnach agus Léann Giúdach.

Laethanta FGL Ar Líne d'OSPS agus OSSP na Sraithe Sóisearaí

Míle buíochas as sonraí múinteoirí a chlárú dár gceardlanna OSSP agus OSPS ar líne. Mar gheall ar na deacrachtaí reatha atá ag scoileanna maidir le neamhláithreacht foirne agus an clúdach ionaid a bhaineann leis, áfach, cuireadh siar na ceardlanna seo, a bhí le bheith ar siúl an tseachtain dar tús 6 Nollaig agus 13 Nollaig, 2021. Tá sé beartaithe anois go mbeidh siad ar siúl le linn na seachtainí dar tús an 4 Aibreán, 2022 agus an 25 Aibreán, 2022. Múinteoirí a bhí cláraithe do cheardlanna iarchurtha mhí na Nollag 2021, rinneadh dáta a athshannadh go huathoibríoch dóibh i gcomhair cheardlanna Aibreán 2022. Is féidir sonraí na n-athruithe sin a fheiceáil ar líne ag www.jctregistration.ie

Plean Gnímh mhí na Nollag (Rudaí le déanamh)

- ⇒ Seiceáil isteach le Foireann Cheannaireachta Shinsearach na scoile
- ⇒ Maoirseacht a dhéanamh ar na nósanna imeachta tuairiscithe chuig tuismitheoirí / caomhnóirí maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna) sna hábhair, CFL1anna / CFL2nna agus sna gearrchúrsaí
- ⇒ Tacú leis an bPríomhoide / Leas-Phríomhoide leis an bpleanáil, le cúrsaí cumarsáide agus múinteoirí a eagrú a bheas ag freastal ar na cnuascheardlanna ábhair ar líne ag tosú i mí Eanáir 2022. A chinntiú go mbíonn an dáta ar eolas ag múinteoirí
- ⇒ Ionchur ag cruinniú foirne na scoile
- ⇒ Má bhíonn deacrachtaí agaibh, beidh na sonraí teagmhála seo a leanas ina gcuidiú: Tacaíocht chlárúcháin: info@jct.ie
Nó déan teagmháil le do Cheannaire Foirne Réigiúnach TFSS

Ag guí Nollaig foi shéan is faoi mhaise oraibh.
Le dea-mhéin,
Foireann TFSS.
Foilsiú 7ú Nollaig 2021